TREOIR DO LÉIRITHE INTINNE

CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH DO CHONRADH CRAOLACHÁIN FUAIME

DO

SHEIRBHÍS ÁITIÚIL LEATHANFHORMÁIDE

LUCHT ÉISTEACHTA FÁSTA IOMLÁN

DO CHATHAIR AGUS CONTAE PHORT LÁIRGE

22 Meán Fómhair 2022

Clár Ábhar

1. RÉAMHRÁ 2

2. NÓS IMEACHTA MAIDIR LE LÉIRIÚ INITNNE A CHUR ISTEACH 3

1. RÉAMHRÁ

1.1 Tá an conradh craolacháin fuaime ("Conradh") áitiúil leathanfhormáid, atá ag South East Broadcasting Company Limited faoi láthair agus ag craoladh mar WLR FM, le dul in éag ar an 7 Meán Fómhair 2023.

1.2 I gcomhréir le halt 65 (6) den Acht Craolacháin 2009 ("An tAcht 2009"), chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí ("an Coiste") fógra isteach i nuachtán náisiúnta agus ar shuíomh gréasáin Údaráis Craolacháin na hÉireann (BAI), www.bai.ie, ar an 30 Meitheamh 2022 ag lorg léirithe spéise chun seirbhís craolacháin fuaime áitiúil leathanfhormáide a sholáthar. Faoin dáta deiridh 29 Lúnasa 2022, ní bhfuarthas ach aon léiriú spéise amháin ón gconraitheoir reatha, South East Broadcasting Company Limited.

1.3 Mheas an Coiste an léiriú spéise ag a chruinniú ar an 13 Meán Fómhair 2022. Mheas an Coiste gur ionann an freagróir agus sealbhóir reatha an chonartha craolacháin fuaime agus go raibh an léiriú spéise déanta le dea-intinn. Sna cúinsí seo, rinne an Coiste cinneadh an próiseas iarratais mear faoin alt 67(2) den Acht 2009 a ghairm.

1.4 Dá réir sin, ar 22 Meán Fómhair 2022 chuir an Coiste fógra poiblí isteach i nuachtán náisiúnta, agus ar a shuíomh gréasáin, chun a rún a chur in iúl an próiseas iarratais mear a ghairm don Chonradh.

1.5 Ní mór do fhreagróirí a d'fhéadfadh a bheith ann aighneacht a dhéanamh faoin 20 Deireadh Fómhair 2022 ag maíomh gur mian leo iarratas a chur isteach do chonradh craolacháin fuaime a bheith bronnta acu maidir le seirbhís áitiúil leathanfhormáide ("Léiriú Intinne").

1.6 Ní mór éarlais €20,000 a chur isteach leis an foirm Léiriú Intinne comhlánaithe, éarlais atá in-aisíoctha má tá iarratas curtha isteach ina dhiaidh sin chuig BAI de bhun cuiridh chun iarratais do chonradh craolacháin fuaime maidir leis an leathanfhormáid áitiúil a eisíodh faoin alt 65(8) den Acht 2009.

1.7 Ní mór an foirm Léiriú Intinne a chur isteach san fhormáid a shonraítear i Mír 2 den doiciméad seo.

1.8 Má fhaigheann an Coiste foirm Léiriú Intinne comhlánaithe agus an éarlais riachtanach, leanfaidh an Coiste ar aghaidh iarratais a iarraidh do chonradh craolacháin fuaime don limistéar a bhaineann leis, sin nó cuirfear an cheist faoi bhráid an Údaráis le haghaidh tuilleadh treorach. Má eisíonn cuireadh chun bronnta conartha, beidh conradh do lucht éisteachta fásta iomlán seirbhís leathanfhormáide áitiúil don limistéar saincheadúnais do Chathair agus Chontae Phort Láirge ar feadh 10 (deich) mbliana.

1.9 Tá treoir tháscach maidir le hiarratas a dhéanamh do chonradh craolacháin fuaime tráchtála ar fáil ar shuíomh gréasáin an BAI nó trí iarratas ríomhphost a chur chuig licensing@bai.ie dóibh siúd atá ag smaoineamh ar foirm Léiriú Intinne comhlánaithe a chur isteach agus a d'fhéadfadh a bheith ag cur iarratais isteach do chonradh craolacháin fuaime faoin bpróiseas iomaíoch ag alt 65(8) den Acht 2009.

1.10 Tar éis an Coiste a bheith ag plé le léirithe intinne a fuarthas agus ag cinneadh an chéad chéim eile sa phróiseas, foilseoidh sé gach léiriú intinne ar shuíomh gréasáin BAI.

2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN LÉIRIÚ INTINNE A CHUR ISTEACH

2.1 Tá foirm léirithe intinne ar fáil do fhreagróirí a d'fhéadfadh a bheith ann ar shuíomh gréasáin BAI, www.bai.ie, nó ar fáil ach í a iarraidh ar BAI ag (01) 644 1200 nó licensing@bai.ie.

Trí aighneacht Léirithe Intinne a dhéanamh tá tú ag dearbhú an mhéid seo a leanas don BAI:

- gur léigh tú agus go dtuigeann tú an Treoir seo;
- gur íocadh éarlais €20,000 isteach sa chuntas bainc BAI; agus
- go dtoilíonn tú go gcuirfear do foirm Léiriú Intinne ar fáil don phobal.

2.2 Is í seo a leanas formáid an foirm Léirithe Intinne:

2.2.1 Freagróir:

2.2.1.1 Tabhair sonraí ar an duine/eintiteas atá ag déanamh an léirithe le do thoil:

2.2.1.2 Cuir do shonraí teagmhála ar fáil, le do thoil (duine teagmhála, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist).

2.2.2 Mionsonraí an Léirithe Intinne

Seo é a leanas an téacs le bheith mar Léiriú Intinne:

Deimhním [cuir ainm isteach] thar ceann [cuir ainm an pháirtí isteach, páirtí atá ag cur léiriú intinne isteach] leis seo go bhfuil sé de rún ag [cuir ainm an pháirtí isteach, páirtí atá ag cur léiriú intinne isteach] iarratas a chur isteach do chonradh craolacháin fuaime don tseirbhís craolacháin fuaime áitiúil leathanfhormáide. Deimhním chomh maith gur íocadh éarlais €20,000 isteach sa chuntas bainc BAI.

2.2.3 Ní mór duit an foirm Léiriú Intinne a shíniú agus dáta a chur leis.

2.3 Ní mór an foirm Léiriú Intinne sínithe agus dátaithe a bheith istigh ag an BAI faoi 12 meán lae 20 Deireadh Fómhair 2022 agus is féidir é a chur isteach trí ríomhphost chuig licensing@bai.ie nó tríd an bpost nó de láimh chuig:

Jill Caulfield
Bronnadh Conarthaí
Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington
Baile Átha Cliath D02 XP29

2.4 Íocaíocht Éarlaise Airgid

2.4.1 Ní mór íocaíocht na héarlaise airgid €20,000 a bheith istigh i gcuntas bainc BAI faoi dháta deiridh 20 Deireadh Fómhair 2022.

2.4.2 Tá mionsonraí cuntais bainc maidir le híocaíocht na héarlaise airgid mar seo a leanas:
Banc: Banc Ulaidh Teoranta
Uimhir Chuntais: 03603097
Cód Sórtála: 985020
Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN): IE85ULSB98502003603097
Cód Aitheantais Bainc (BIC): ULSBIE2D

2.4.3 Ní mór go gcuirtear eolas leis na mionsonraí íocaíochta chun an freagróir a aithint, amhail ainm an fhreagróra. Dá réir sin, ní mór don fhreagróir a dheimhniú go gcuireann a bhanc eolas leis an ríomhaistriú a aithníonn go soiléir gur íocadh an íocaíocht thar ceann an fhreagróra.

2.4.4 *Saoráil Faisnéise*: Féadfar faisnéis a chur ar fáil don phobal de bharr iarratais faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an BAI i gcomhairle leis an bpáirtí leasmhar faoi aon fhaisnéis a fhoilsiú a gcaitear léi mar fhaisnéis rúnda ag tráth na haighneachta, sula ndéanfar cinneadh maidir le haon iarraidh um Shaoráil Faisnéise a gheofar.

Tá aon chomhaontuithe idir an BAI agus páirtithe leasmhara maidir le faisnéis rúnda agus/nó íogair ó thaobh tráchtála de gan dochar d'oibleagáidí an BAI faoin dlí, faoin Acht Craolacháin 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise dá dtagraítear sa chuid seo. Mar sin, ní féidir leis an BAI dearbhú a thabhairt nach nochtfaí faisnéis a n-éilíonn páirtí leasmhar mar fhaisnéis rúnda nó a bpléitear léi mar sin de bhun an dlí.

2.4.5 *Cosaint Sonraí*: Chun an próiseas seo um Léirithe Intinne a oibriú go héifeachtach, beidh roinnt sonraí pearsanta/faisnéis teagmhála ag teastáil uainn.

Cloífidh Údarás Craolacháin na hÉireann lena n-oibleagáidí faoin Treoir RGCS, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus aon dlíthe agus rialacháin infheidhme eile a bhaineann le príobháideacht sonraí.

Tá an BAI faoi oibleagáid agus tiomanta do na sonraí pearsanta go léir a chosaint a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar Léiriú Spéise ar an bplean ceadúnaithe seo. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an BAI atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar conas a phróiseálann an BAI faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an BAI ag: https://www.bai.ie/ga/maidir-linne/raiteas-um-beartas-cosanta-sonrai/ agus téarmaí agus coinníollacha an BAI ag: https://www.bai.ie/ga/maidir-linne/tearmai-coinniollacha/.

Údarás Craolacháin na hÉireann

2-5 Plás Warrington

Baile Átha Cliath D02 XP29.

Teileafón: 01 644 1200

Ríomhphost: info@bai.ie

Suíomh Gréasáin: www.bai.ie